**Preaseisiúint**

Don 24 Deireadh Fómhair 2018

*Children's School Lives (CSL)*,

An staidéar náisiúnta fadaimseartha cohóirt ar an mbunoideachas in Éirinn

Déardaoin, 25 Deireadh Fómhair 2018 ag 9.15 r.n., cuirfidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD) fáilte roimh pháistí, múinteoirí, comhpháirtithe oideachais agus taighdeoirí chuig Institiúid Chonfúicias le haghaidh sheoladh *Children's School Lives (CSL)*, an staidéar náisiúnta fadaimseartha cohóirt ar an mbunoideachas in Éirinn.

Is staidéar taighde spleodrach agus uathúil é *Children's School Lives (CSL)* lena leanfar 4,000 páiste i rith na bunscolaíochta chun foghlaim, go mionsonrach, faoina dtaithí agus óna dtaithí. Ginfear léargas saibhir agus domhain sa staidéar ar shaol an pháiste ar an mbunscoil in Éirinn agus an dara scór bliain den 21ú haois ag druidim linn. Bíonn caidrimh ag croí an bhunoideachais agus cabhróidh an staidéar le léargas a thabhairt ar an gcaoi a múnlaíonn taithí páistí scoileanna, agus a múnlaíonn na scoileanna an taithí sin, mar phobail, mar institiúidí agus mar chóras. I ndiaidh próiseas tairisceana a reáchtáil CNCM níos luaithe i mbliana, bronnadh conradh ar UCD chun tabhairt faoin taighde as seo go ceann seacht mbliana.

Úsáideann CNCM taighde agus an fhianaise a thagann ó thaighde i gcónaí mar threoir dá comhairle ar an gcaoi ar cheart an curaclam a fhorbairt agus an treo ar cheart don churaclam dul. Tá ról lárnach ag an taighde san fhorbairt curaclaim ar leibhéal na luathbhlianta, na bunscoile agus na hiar-bhunscoile. Den chéad uair le beagnach fiche bliain anuas, tá an Chomhairle i mbun athbhreithniú agus athfhorbartha ar churaclam na bunscoile ó na naíonáin shóisearacha go dtí rang a sé. Is deis thábhachtach é seo chun seasamh siar ón gcuraclam agus a fhiafraí céard ba cheart dó a dhéanamh le haghaidh páistí agus múinteoirí as seo go ceann 10 nó 15 bliana. Agus í ag machnamh ar thábhacht an taighde, dúirt Brigid McManus, Cathaoirleach CNCM: *"Is lá iontach é seo do gach duine sa bhunoideachas. Beidh ról suntasach ag an staidéar nua fadaimseartha, an chéad cheann dá leithéid in*

*Éirinn, i mbonn láidir fianaise a sholáthar don athfhorbairt ar churaclam na bunscoile atá ar bun ag CNCM. Tá taithí páistí, agus dearcthaí a múinteoirí, bhainistíocht na scoile agus a dtuismitheoirí ar a dtarlaíonn ar scoil ina gcuid thábhachtach den chleachtas a nascadh leis an mbeartas náisiúnta. Tá teideal an staidéir, Saol Scoile Páistí, an-fheiliúnach, agus cinnteoidh an staidéar go nuashonraítear curaclam na bunscoile chun go mbeadh bonn láidir inár mbunscoileanna don teagasc agus don fhoghlaim."*

Beidh an tAire Oideachais agus Scileanna, Joe McHugh, T.D., ag freastal ar an imeacht freisin chun an staidéar fadaimseartha a sheoladh. Agus é ag labhairt roimh an seoladh, dúirt an tAire, *"Táim ag súil leis an staidéar Children's School Lives (CSL) a sheoladh, staidéar atá ag iarraidh léargas a fháil ar fhíorthaithí na bpáistí i mbunscoileanna na hÉireann trí éisteacht le guth na bpáistí, a múinteoirí agus a dtuismitheoirí, agus lucht bainistíochta na scoileanna. Tugann an staidéar nua fadaimseartha spleodrach seo deis dúinn pictiúr níos iomláine a fháil den am a chaitheann páistí ar an bhunscoil. Rachaidh an obair seo chun tairbhe scoileanna, tuismitheoirí agus lucht déanta beartas san obair luachmhar a dhéanann siad chun saol pháistí na hÉireann a fheabhsú."*

Cuirfidh páistí ó Scoil Náisiúnta Shóisearach Cholm Cille i gCnoc Lín agus ó Scoil Náisiúnta Shinsearach San Tomás i Ráth Miontáin tús leis an seoladh le filíocht agus amhránaíocht. I ndiaidh na n-imeachtaí foirmiúla, beidh deis acu siúd a bheidh i láthair páirt a ghlacadh i seimineár faoi threoir an Ollaimh Chúnta Jennifer Symonds [Comh-phríomhthaighdeoir] dar teideal *Building the evidence base to improve children's lives*. Agus í ag labhairt faoin staidéar, dúirt an tOllamh Dympna Devine [Ceann Scoil an Oideachais COBÁC agus an Príomhthaighdeoir], gur '*staidéar é an staidéar Saol Scoile Páistí atá suntasach go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta*. *Líonfaidh sé bearnaí tábhachtacha faisnéise san eolas atá againn ar an gcóras bunscoile, tabharfar tosaíocht do ghuthanna páistí agus do shaibhreas na léargas is féidir leo a thabhairt. Aithnítear le maoiniú agus fís an staidéir a thábhachtaí atá eispéiris oideachasúla páistí ní hamháin don saol atá acu i láthair na huaire mar pháistí ach don chumas a bheidh acu fás agus forbairt a dhéanamh ar feadh a saoil.*

Is féidir an t-imeacht a leanúint ar Twitter (@CSLstudyUCD, @NCCA, agus @educationIRL) le haghaidh nuashonruithe.

<CRÍOCH>

Nótaí d'Eagarthóirí

*******************************

Tá níos mó eolais faoi *Children's School Lives (CSL)*, an staidéar náisiúnta fadaimseartha cohóirt ar an mbunoideachas in Éirinn, ar fáil ar [www.ncca.ie](http://www.ncca.ie)

Tá eolas breise ar an imeacht le fáil ó: Elaine Ní Neachtain, Stiúrthóir, Curaclam agus Measúnú ar 087 743 7326 nó an tOllamh Dympna Devine, COBÁC ar 01 7167967 nó csl@ucd.ie.